Tuaiṫ agus Caṫair

an Dr. S. P. Mac Énri
do sgríoḃ

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

M. H. Mac Guill ⁊ a Ṁac, Teór.
Baile Áṫa Cliaṫ

PB1225
H4

Boston College

D'imtiġ Seaġán leis ar ċarr go stad na traenaċ.

Tuaiṫ agus Caṫair

Cuid a hAon

maille le ceistniúċán agus
foclóir

An Dr. Seaġán Ṗ. Mac Énrí
do sgríoḃ

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

M. H. Mac Guill agus a Ṁac, Teór.
50 Sráid Uaċtarаċ Uí Ċonaill
Baile Áṫa Cliaṫ
1929

[Gaċ Ceart ar cosnaṁ]

PB
1225
.M33
1929

Clóḋḃualaḋ ṡo i nÉirinn

Indu

158985

Tuaiṫ agus Caṫair

Cuid a hAon

Ceaċt I.

Rugaḋ Seaġán Ó Briain i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Éireannaċ maiṫ do b'eaḋ é.

Ḃí sé ag foġluim Gaeḋilge.

Do ċuir sé suim ṁór innti.

Fuair sé duais ag Feis Ḃaile Áṫa Cliaṫ.

Ṫug a aṫair airgead dó le dul go ceann-tar Gaeḋealaċ.

D'imṫiġ sé ar ċarr go dtí'n Ċloċ Leaṫan.

I mBaile Áṫa Cliaṫ 'seaḋ rugaḋ agus tógaḋ Seaġán Ó Briain. Ba ṁaiṫ an garsúr[1] é. Ċuir sé suim ṁór i ngaċ nid do bain le hÉirinn mar ḋéanfaḋ Éireannaċ ar biṫ a mbéaḋ grádh aige d'á tír féin. Ḃí dúil ṁór aige san nGaeḋilg.[2] Ḃí sé ag déanaṁ a ḋíċill báis agus beaṫaḋ leis an teangaiḋ d'ḟoġluim agus do labairt.

"Naċ í teanga mo ṫíre féin í?" adeireaḋ sé le n-a ċáirdiḃ go minic. "Agus ní ṫig le[3] duine a ḃeiṫ i n-a Ġaeḋeal ceart gan a teanga ḋúṫċais a ḃeiṫ aige."

Do ġeall a aṫair go dtiuḃraḋ[4] sé costas an turais go ceanntar Gaeḋealaċ dó dá bfuiġeaḋ[5] sé duais ag Féis Ḃaile Áṫa Cliaṫ. D'éirig leis agus fuair sé an t-airgead le coicís a ċaiṫeaṁ i gColáiste Ċonnaċt i dTúr Ṁic Éadaiġ.

Ar a ḟágáil dó níor leis do b'ḟaillige é. Do ċuir sé a ċuid leaḃar agus a ċuid bocáiste i dtoll a ċéile[6] agus d'imṫiġ leis ar ċarr go stad na traenaċ ag an gCloiċ Leaṫain.

Ceisteanna.

Cár rugaḋ agus tógaḋ Seaġán? Cé an sórt[7] duine a ḃí ann? Ar ċuir sé suim i n-a ṫír féin? Cé an sagas duine do ḋéanfaḋ sin? An raiḃ dúil aige san nGaeḋilg? Ar ḟéaċ sé le n-a foġluim? Cé an fáṫ[8] a[9] raiḃ sé ag iarraiḋ an Ġaeḋilg d'ḟoġluim? Cé leis a n-abraḋ sé sin? An féidir le duine a ḃeiṫ i n-a

Ġaeḋeal ceart gan eólas ar a ṫeangaiḋ féin aige? Céard[10] do ġeall a aṫair ḋó? Ar éiriġ leis? Cé[11] le n' aġaiḋ a ḃfuair sé an t-airgead? Cá ḟaide[12] ḃí sé le ḃeiṫ i dTúr Ṁic Éadaiġ? Cá ḃfuil an áit sin? An ndearnaiḋ[13] sé aon ṁoill? Goidé rinne sé? Cár imṫiġ sé?

1. garún, garrún. 2. Gaeḋilge, Gaeḋilic, Gaoḋluinn. 3. ní féidir le. 4. go dtabarfaḋ. 5. Dá ḃfágaḋ. 6. i gceann a céile. 7. Saġas, cineál, cinéal. 8. Cad ċuige. ca' 'na ṫaoḃ, goidé 'n ċúis, goidé 'n t-áḋḃar. 9. Go. 10. Créad, goidé, cad. 11. Cad 12. Cá ḟad, cé'n ḟaid. 13. Ar ḋin.

Ceaċt II.

Do ċeannuiġ Seaġán ticéid.
Ċuaiḋ sé isteaċ san traen.[1]
D'imṫiġ an traen.
Ḃí iongnaḋ mór ar Ṡeaġán.
Ní ḟacaiḋ sé an tuaiṫ i gceart roiṁe sin.
Do ṡroiċ sé Baile an Róba.
Do ṫiomáin sé leis go Túr Ṁic Éadaiġ.

Do ċeannuiġ Seaġán a ṫicéid. Do ṫóg an t-iomċuróir a ṁála siubail agus isteaċ

Do ṫóg an t-iomċuróir mála Ṡeaġáin

le Seaġán i gcarbad de'n treas ġrád. Ar a ḃeiṫ réiḋ do luċt na traenaċ do ċrait an gárda a ḃratac uaiṫne. Do ċuir an sgruinge fead airti agus as go bráċ léiṫe agus an traen i n-a ḋiaiḋ.

Ba ġearr go raḃadar[2] ag gluaiseaċt siar i mbarr na ḃfársgaí.[3] Do ċuir gaċ rud d'á ḃfacaiḋ Seaġán iongnaḋ an doṁain air—na coillte agus na portaiġ, na páirceanna glasa agus na guirt ḃuiḋe fá eórna agus fá ċoirce agus fá ċruiṫneaċt. Ba é sin an ċéad uair a ċonnaic sé an tuaṫ i gceart.

I n-éis[4] turais fada do ṡroiċ[5] sé Baile an Róba agus fuair carr annsoin. Do ṫiomáin leis go Túr Ṁic Éadaiġ agus ar an mbealaċ[6] go dtí'n áit sin b'aoiḃinn leis na sorráin ḃreaġa Ġaeḋilge a ċluinsteál[7] ó gaċ uile ḋuine idir[8] óg agus sean.

Ceisteanna.

Cad do ċeannuiġ sé ? Cé ṫóg a ṁála siuḃail ? Cá ndeaċaiḋ[9] Seaġán ? Céard do rinne an gárda agus an sgruinge

nuair do ḃí an traen réiḋ? An go mall réiḋ socair do ġluais an traen? Céard do ċuir iongnaḋ ar Ṡeaġán? An bfacaiḋ sé an tuaiṫ ariaṁ roiṁe sin? Cé an áit do ṡroiċ sé fá ḋeir aḋ? Céard a fuair sé? Cár ṫiomáin sé leis? Ar ṫáitin[10] an turas leis?

1. San dtraen. 2. go raiḃ siad. 3. go han-tapaiḋ. 4. Tar éis, ṫar éis, l'éis, d'éis. 5. Do ṡrois. 6. Ar an ḃealaċ. Ulster teachers should remember that *aspiration*, not eclipsis, is the rule in U. after the preposition and the article. 7. Ċloisteáil, ċlos, ċloisint. 8. eadar, eidir. 9. Cá ndeaġaiḋ, cá deaċaiḋ. 10. Ṫaitniġ, ṫaitn.

CEAĊT III.

Do ċuir sé faoi i dteaċ feilméara.

Ḃí tuirse air agus ċuaiḋ sé a ċodlaḋ go luaṫ san oiḋċe.

Do ċodail sé go sáṁ.

D'éiriġ sé go moċ ar maidin.

Ḃí iongnaḋ air fá'n teaċ agus fá na rudaiḃ a ḃí ann.

Do ċuir sé faoi i dteaċ feilméara[1] i bfogus[2] do'n ċoláiste agus ó ḃí tuirse



Ní raiḃ gráta ar biṫ san gcisteanaiġ aċt teine ṁór ṁónaḋ ar an teallaċ.

ṁór air ṫug sé a leaba air féin[3] go luaṫ san oiḋċe agus ba ġearr go raiḃ sé i dtoirċim suain agus sáṁ-ċodlata.

Ar maidin lá ar n-a ḃáraċ d'éiriġ sé go moċ. Ḃ'aisteaċ leis gaċ rud d'á ḃfacaiḋ sé. Ní raiḃ aċt trí seomraí san teaċ[4]— an ċisteanaċ agus ḋá ṡeomra leaḃta agus áiléar os cionn na cisteanaiġe. Urlár cré a ḃí san teaċ[4] agus díon tuiġe air. Ní raiḃ gráta ar biṫ san gcisteanaiġ aċt teine ṁór ṁónaḋ ar an teallaċ. Ḃí an bac[5] ar ċúl na teineaḋ. Ḃí an croċaḋ[6] os cionn na teineaḋ. Ḃí corcán[7] ar croċaḋ ar an lúib agus fataí[8] d'á mbruiṫ san gcorcán. Ḃí oiḋ-eann ar ṫaoḃ na teineaḋ agus bollóg aráin d'á ḃácáil ann. Ḃí grísgín muic-ḟeóla d'á ḟrioċaḋ ar an ḃfrioċtán. Ḃí an tlú san gclúid.

Ceisteanna.

Cár ċuir sé faoi? Cá raiḃ an teaċ soin? Ar ḟan sé i n-a ṡuiḋe go raiḃ sé i ḃfad san oiḋċe? Ar ċodail[9] sé go sáṁ? Cé an uair[10] a d'éiriġ Seaġán? Ar ḃ'ais-teaċ leis na rudaí ċonnaic sé? Cé

ṁéid[11] seomra ḃí san teaċ? Cé an sórt urláir do ḃí ann? Cé an saġas dín[12] do ḃí air? An raiḃ gráta ar biṫ san gcisteanaiġ? An teine ġuail do ḃí ann? Cá raiḃ an teine? Cá raiḃ an bac?[5] Céard do ḃí os cionn na teineaḋ? Cá raiḃ an corcán?[7] Goidé do ḃí sa gcorcán? Cá raiḃ an t-oiḋeann? Cad do ḃí ann? Goidé do ḃí ar an ḃfrioċtán? Cá raiḃ an tlú?

1. Feirmeóra. 2. i ngar do, i n-aice, i n-aice le, a ċoṁair, láiṁ le. 3. Ċuaiḋ sé ċun leabṫa. 4. San tiġ. 5. An ḃac. 6. An ċroċ. 7. Pota. 8. Prátaí, préataí. 9. Ċodluiġ. 10. Caṫain, cé'n t-am. 11. An 'mó. 12. Díona.

Ceaċt IV.

Do ṡuiḋ sé síos ċuig an mbord.

Ḃí go leór le n-iṫe air.

D'iṫ agus d'ól sé a ṡáiṫ.

Rinne sé cainnt le mnaoi an tiġe agus le n-a mac.

Ba ḃinn leis a gcuid Gaeḋilge.

Níor ḃinn leis an Béarla briste do ċualaiḋ sé ar an turas.

Ar a ḃeiṫ gléasta do'n ċéad-ṗroinn, ṡuiḋ sé síos ċuig an mbord. Ḃí go leór biḋ air.

Ḃí tae agus crúisgín leaṁnaċta, uiḃeaċa agus feóil fuar-ḃruiṫte,[1] siúcra[2] agus im, builín aráin agus císte agus feannaire air. Ḃí cupáin agus fó-ċupáin, plátaí agus miasa, sgeana agus gaḃlóga agus spunóga air freisin.[3] D'iṫ agus d'ól sé a ṡáiṫ[4] ṁaiṫ.

Ḃí coṁ-ráḋ aige le mnaoi an tiġe[5] agus le n-a mac, Colm Ó Máille. Ḃ'ait leis[6] ḃeiṫ ag éisteaċt leis an nGaeḋilg ḃreaġ ḃlasta ḃinn do ḃí aca agus b'olc leis naċ i gConndae Ṁuiġ Eó do rugaḋ é. Ḃa ḃinn leis fuaim na Gaeḋilge a ċloisteáil tar éis an Ḃéarla ḃriste do ċualaiḋ sé ag na stadannaíḃ ar a ḃealaċ ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Duḃairt sé leis féin nár ḃinne leis ceileaḃar na n-éan 'ná an Ġaeḋilg a ḃí tart timċeall air san áit sin.

Ceisteanna.

Cár ṡuiḋ sé síos? Céard do ḃí ar an mbord? Ar iṫ sé a ṡáiṫ? An ndearnaiḋ sé cainnt le éinne? Ar ḃinn leis an Ġaeḋilg do ḃí aca? Ar ṁaiṫ leis gur i mḂaile Áṫa Cliaṫ do rugaḋ é? Cé



Ċonnaic Seaġán an coileaċ agus na cearca agus na muca.

aca do b'ḟearr leis—fuaim[7] na Gaeḋilge nó fuaim an Ḃéarla ḃriste? Cá gcualaiḋ sé an Ḃéarla briste? Céard aduḃairt sé leis féin?

---

1. Ḟuar-ḃeirḃte. 2. Siúicre. 3. Leis, fosta, mar an gcéadna, ċoṁ maiṫ. 4. Ḋóṫain. 5. Le bean an tiġe. 6. Ba ṁaiṫ leis. 7. Tuaim.

CEAĊT V.

Ḃuail na gasúir an doras amaċ.

Ḃí iongnaḋ mór ar Ṡeaġán fá gaċ uile rud.

Ċonnaic sé an coileaċ agus na cearca.

Ċonnaic sé na muca freisin.

Ċuaiḋ na gasúir i gcoinne na bó.

Ḃí na héanlaiṫe ar an loċán.

I n-éis[1] iad an ċéad-ṗroinn a iṫe, ḃuail Seaġán agus Colm amaċ. Ní raiḃ taiṫiġe ar bit ag Seaġán ar an tuaiṫ[2] agus ċuir gaċ uile rud iongnaḋ air. Ṫug sé gaċ aon rud fá deara.[3]

Ċonnaic sé an coileaċ ag glaoḋaċ ó'n gclaiḋe. Ḃí cearc ar gor fá ċliaḃ taoḃ amuiġ de'n doras. Ḃí cearc eile agus a

hál sicíní léiṫi ag sgríobaḋ na cré ar lorg péist. Ḃí éireóg ann freisin.[4]

Ċonnaic sé an ċráin ṁuice agus a hál banḃ ag ionnsairt ar an gcarn aoiliġ. Ḃí muc eile ag iṫe ar an amar.

“Tarra uait,” arsa Colm, “agus téiġmís go dtí'n ṗáirc ṁór i gcoinne na bó maoile. Tá sé i n-am a bliġte.” [5]

D'imṫiġeadar i gcoinne na bó. Ar an mbealaċ ċuig an bpáirc ḋóḃta, ċonnaic Seaġán loċán ar ṫaoḃ an ċasáin. Ḃí gannḋal agus gé, bárdal agus laċa ag snáṁ air. Ḃí géiḋe[6] agus laċain eile ar ḃruaċ an loċáin.

Ceisteanna.

Cá ndeaċaiḋ[7] Seaġán agus Colm nuair a ḃí an ċéad-ṗroinn iṫte aca? An raiḃ taiṫiġe ag Seaġán ar an tuait? An raiḃ taiṫiġe aige ar an gcaṫair? An raiḃ iongnaḋ air fá na rudaiḃ a ċonnaic sé? An dtug[8] sé fá deara iad? An dtug tú féin rud ar biṫ fá deara indiu? Céard a ċonnaic sé ar an gclaiḋe? Cá raiḃ an coileaċ? Céard a ḃí sé a ḋéanaṁ? An

Ḃí gannḋal agus gé, bárḋal agus laċa ag snáṁ ar an loċ.

cearc a ḃí ar an gclaiḋe? An é an gann-dal a ḃí air? An fá'n gcliaḃ a ḃí an coileaċ? Cé'n sórt[9] circe a ḃí fá'n gcliaḃ? Cá raiḃ an cliaḃ? Céard a ḃí faoi? Goidé r'd[10] a ḃí ag an gcirc eile? Goidé ḃí siad a ḋéanaṁ? Goidé ḃí siad a ṫóruiġeaċt? Cé'n rud éireóg? An ḃfacaiḋ Seaġán rud ar biṫ ar an gcarn aoiliġ? Cá raiḃ an ċráin ṁuice? Cad a ḃí le n-a cois? Goidé ḃíodar a ḋéanaṁ? Cad a ḃí d'á ḋéanaṁ ag an muic eile? Cá raiḃ a cuid ḃíḋ? Céard aduḃairt Colm le Seaġán? Cár ṁian leis dul? Cad i n-a coinne a raiḃ sé ag dul? Céard a ḃí le déanaṁ fá'n am soin? Cár imṫiġeadar? Goidé ċonnaic Seaġán ar an mbealaċ? Cá raiḃ an loċán? Céard a ḃí ag snáṁ ar an loċán? Céard a ḃí ar ḃruaċ an loċáin?

---

1. Ṫar éis, tar éis, l'éis, d'éis. 2. Ar an dtuaiṫ. 3. Fé ndeara. 4. Leis, mar an gcéadna, ċoṁ maiṫ, fosta. 5. Crúiḋte. 6. Géanna, géaḃa. 7. Cá ndeaġaiḋ, cá deaċaiḋ. 8. Ar ṫug. 9. Saġas, cineál, cinéal. 10. Rud.

Ceaċt VI.

Ḃí an ḃó san bpáirc.

Ní raiḃ aḋarc ar biṫ uirṫi.

Ṡíl Seaġán gur ab ó'n mbearaiġ a ġeiḃṫí an ḃláṫaċ.

Rinne Colm greann mór de sin.

Ḃí fearg ag Seaġán le Colm.

Duḃairt Colm leis gan dul i ngar do'n tarḃ.

Ḃí an tarḃ go holc.

"Sin í an ḃó ṁaol a ḃfuilmid ag dul i n-a coinne. Tá a laoġ san ioṫlainn," arsa Colm.

"'Ar ndóiġ, ní'l sise maol," arsa Seaġán agus é ag meangaḋ gáire, "ní'l a blaosg[1] lom mar tá cloigeann m'aṫar."

"Ní'l, go deiṁin," arsa Colm, "aċt tá sí gan aḋarca agus ar an áḋḃar soin beirṫear 'maol' uirṫi. Tá ḟios agat go ḃfuil ciall eile leis an ḃfocal féin. Tá an sgian 'maol' mara ḃfuil faoḃar uirṫi."

"Is feasaċ mé sin,"[2] d'ḟreagair Seaġán agus é ag dearcaḋ tar an gclaiḋe isteaċ i bpáirc eile a raiḃ beiṫiḋeaċ eile innti.

Tá an tarḃ go holc agus marḃóċaḋ sé tú.

"An í siúd an bó a bḟáiġtear[3] an ḃláṫaċ uaiṫi?"

Ṫoisiġ[4] Colm ag gáiriḋe. Ḃí sé i bḟal-raċ gáire ar feaḋ cúig móiméad.[5] Ní raiḃ ḟios ag Seaġán beirṫe ná beó goidé ḃí ag déanaṁ grinn do Ċolm agus táinic múis-iam air.

"Ná bíoḋ fearg ort," arsa Colm fá ḋeireaḋ. "Níor ḟéadas gan gáire a ḋéanaṁ. Sin í an ḃearaċ[6] san bpáirc eile. Tá an tarḃ sa bpáirc taoḃ ṫall de'n ḃóiṫrín.[7] Ná téiġ i n-a ġoire[8] mar tá sé go holc[9] agus ṁarḃóċaḋ sé tú. Aċt a dtéiġmid[10] ar ais innseóċad duit goidé'n ċaoi[11] a ndéantar an ḃláṫaċ."

Ceisteanna.

Cé an sórt bó do ḃí ag Colm? Céard aduḃairt Seaġán? Goidé ḃí sé a ḋéanaṁ nuair a ḃí sé ġá ráḋ soin? Cé an fáṫ[12] ar ṡíl sé naċ raiḃ an bó maol? An mbíonn aḋarca ar bó (ḃuin) ṁaoil? Cé an sórt fir fear maol? Cé an sórt sgine sgian ṁaol? Cá raiḃ laoġ na bó maoile? An mbíonn gruag ar ċloigeann an ḟir ṁaoil?

Cá raiḃ Seaġán ag dearcaḋ[13]? Céard a ḃí san bpáirc eile? Céard do ṡíl Seaġán a ḃeiṫ ann? Ar ḃain Colm greann as sin? An ndearnaiḋ sé gáire faoi? Cá ḟaide ċaiṫ sé ag gáiriḋe? An raiḃ ḟios ag Seaġán an fáṫ a raiḃ Colm ag gáiriḋe? Ar ṫaitin[14] an gáire leis? Goidé ṫáinic air? Céard aduḃairt Colm fá ḋeireaḋ? Ar ḋuḃairt[15] sé gur bó a ḃí ann? Cá raiḃ an tarḃ? An raiḃ sé go holc? Cé'n ċoṁairle a ṫug Colm do Ṡeaġán i n-a ṫaoḃ? Goidé ḋéanfaḋ an tarḃ air? Céard d'innseoċaḋ Colm ḋó nuair a ḃéidís sa mbaile arís(t)?

1. plaosg. 2. Tá ḟios soin agam, is eól dom soin. 3. Ḃfaġtar. 4. Ṫosuiġ, ṫosnuiġ. 5. Nóiméat. 6. Ḃioraċ, ḃudóg. 7. Ḃóiṫín. 8. i n-a aice. 9. Crosta. 10. nuair a raċamuid. 11. Cé'n ċaoi (dóiġ) a ndéantar, goidé mar ġníṫear, cionnos déantar. 12. Ca' 'n-a ṫaoḃ, cad ċuige, créad fá, goidé'n ċúis, cé'n an t-áḋḃar, cad as. 13. Féaċaint, aṁarc. 14. Ṫaiṫniġ, ṫaiṫn. 15. An nduḃairt

Ceaċt VII.

Nuair a ṡroiċ siad an teaċ, ṫáinic cailín óg amaċ. Ṡuiḋ sí síos ar stól agus ṫosuiġ sí ag bleaġan[1] na bó.

Nuair a bíos an bó bligte beirtear an leaṁnaċt isteaċ i dteaċ an bainne. Ġnitear maistreaḋ.

"Nuair a ḃíos an ḃó bliġte,[2]" arsa Colm, "ḃeirtear an leaṁnaċt (bainne úr) isteaċ i dteaċ[3] an ḃainne. Séaluiġtear[4] an leaṁnaċt ṫríd an siolṫán.[5] Cuirtear san tubán í agus fágtar annsoin í go ceann cúpla lá. Éiriġeann an bainne raṁar de réir a ċéile agus bíonn blas géar air. Annsoin sgáirdtear isteaċ san gcuinneóig é. Tar isteaċ agus taisbéanfad an ċuinneóg[7] ḋuit. Sin í í."

"Maise, ṡíleas gur bairille a ḃí ann," arsa Seaġán.

"Ní heaḋ, aċt cuinneóg," arsa Colm agus é ag gáiriḋe. "An bfeicir an rud úd?"

"Feicim,"[8] arsa Seaġán.

"Sin í an luiṫne agus an maide fada soin, ḃeirtear[9] cos na luiṫne air. Cuirtear an luiṫne san gcuinneóig. Tá poll i gclár na cuinneóige.[10] Cuirtear cos na luiṫne ṫríd an bpoll agus cuirtear an clár ar ḃéal na cuinneóige. Annsoin cuirtear rud beag darab ainm an claibín ar ċois na luiṫne os cionn an ċláir," arsa Colm.

Ceisteanna.

Cé ṫáinig amaċ nuair a ṡroiċeadar an teaċ? An garsún[11] a ṫáinig amaċ? An é aṫair Ċuilm a ṫáinig amaċ? An raiḃ trí ba le bleaġan? Céard do rinne[12] an cailín? Cár ṡuiḋ sí? Nuair a ḃí sí i n-a suiḋe, goidé do rinne sí? Cé'n rud leaṁnaċt? Cé ann[16] a gcuirṫear[13] an leaṁnaċt nuair a ḃíos an bó bliġte? Ar ḃfacais bean ag bleaġan bó ariaṁ? Céard a ġníṫear[14] leis an leaṁnaċt nuair a ḃíos sí istiġ i dteaċ an ḃainne? Nuair a ḃíos sí séaluiġṫe[15] cé ann[16] a gcuirṫear í? Cá ḟaide[17] fágṫar annsoin í? Créad éirigeas do'n ḃainne annsoin? Cé'n blas a ḃíos air? Cé ann a sgáirdtear an bainne nuair a ḃíos sé raṁar? Céard do ṫaisbéan[18] Colm do Ṡeaġán? Céard do ṡíl Seaġán a ḃeiṫ ann? Ar ḃain Colm greann as sin? An ḃfacaiḋ Seaġán cuinneóg ariaṁ? An ḃfacais féin cuinneóg ariaṁ? An ḃfuil sí cosaṁail le bairille? Céard eile do ṫaisbéan Colm d'á ċaraid? Cé an t-ainm a ḃeirṫear ar an maide fada atá san luiṫne? Cá gcuirṫear an luiṫne?

Cé'n poll a[19] gcuirṫear cos na luiṫne ṫríd? Cá gcuirṫear an clár? Cé'n rud claibín? Cá gcuirṫear é?

---

1. ag crúḋaḋ. 2. Crúiḋte. 3. i dtiġ. 4. Sgag-ṫar. 5. Sgagaċán. 6. Sa ṁeidir. 7. an ṁeadar. 8. 'Tím, ċím. 9. Tugṫar, tugtar. 10. na meidre. 11. gasún, garsún. 12. Do ḋín. 13. Cuirtear, cur-tar. 14. Déantar. 15. Sgagṫa. 16. Cá hann. 17. Cá ḟad, an fada. 18. Taisbeán, tasbán, tais-peáin. 19. go.

Ceaċt VIII.

D'ḟiafruiġ Seaġán an mbíonn an bainne raṁar i n-a ḃláṫaiġ annsoin?

"Ní ḃíonn, go deiṁin," arsa Colm. "Ní mór mairtreaḋ[1] a ḋéanaṁ ar dtús. Beirṫear greim ar ċois na luiṫne. Buailtear an bainne raṁar go tréan. Tar éis tamaill ḃig briseann an bainne agus téiġeann cnaipíní ime i n-uaċtar an ḃainne. Nuair a baintear an t-im go hiom-lán as, annsoin 'seaḋ beirṫear 'bláṫaċ' ar an mbainne a ḟanas san gcuinneóig. Ar ṁaiṫ leat deoċ ḃláṫaiġe[2]?"

"Níor ṁiste liom deoċ," arsa Seaġán. "Tá tart mór orm. Aċt cogar, a Ċuilm

an ndéanfar mairtreaḋ indiu? Baḋ ṁian liom a ḟeiceál."

"Ní'l ḟios agam.[3] B'ḟéidir go ndéanfaiḋe. Fiafróċad de mo ṁáṫair é ar ball," arsa Colm.

"Céard a ġnítear leis an mbláṫaiġ?" arsa Seaġán.

"Ólamuid féin cuid duiṫe[4] agus beirtear an ċuid eile do'n laoġ agus do na mucaiḃ."

"An bfáġann an gaṁain aon ċuid duiṫe," arsa Seaġán.

"Ní ḟáġann, aċt geiḃ[5] sé go leór féin. Tá sé sáṫaċ sean le féar d'iṫe," arsa Colm.

"An dtugtar an bláṫaċ do na banḃaiḃ?" arsa Seaġán agus é ar lorg eólais fá gaċ uile rud.

"Ní tugtar. Beir a máṫair, an ċráin ṁuice, cráineaḋ dóḃta," arsa Colm.

Ceisteanna.

An mbíonn an bainne raṁar i n-a bláṫaiġ nuair a cuirtear san gcuinneóig é? Céard a ġnítear leis ar dtús? Goidé'n ċaoi a ndéantar mairtreaḋ?

Céard a ṫárluiġeas tar éis an bainne a ḃualaḋ ar feaḋ tamaill? Cé an uair[6] a ḃeirtear 'bláṫaċ' ar an mbainne? An mbíonn an bláṫaċ milis? Ar ól tú bláṫaċ ariaṁ? Ar taitin sí leat? Cé aca is fearr leat, leaṁnaċt nó bláṫaċ? Ar ṁian le Seaġán deoċ ḃláṫaiġe? Cé an fáṫ? Créad ba ṁian leis a ḟeiceál[7]? An raiḃ ḟios ag Colm an nDéanfaiḋe mairstreaḋ an lá soin? Céard a ḋéanfaḋ sé le n-a ḟios soin d'ḟáġáil? Céard a ġníṫear leis an mbláṫaiġ? An bfáġann[8] an gaṁain agus na ḃainḃ braon ar biṫ de'n ḃláṫaiġ? Cé'n fáṫ naċ dtugtar bláṫaċ ḋóḃta[9]? Céard a ḃíos le haġaiḋ an gaṁna? Agus le haġaiḋ na mbanḃ? An í an láir a ḃeir[10] cráineaḋ ḋóḃta? An ag an láir a ḃíos bainḃ? An bfuil searraċ ag do láir-se?

---

1. Cuiġeann. 2. Deoċ ḃláiṫċe. 3. Ní ḟeadar, ní ḟidir mé, ní fios dom. 4. Di. 5. Fáġann, faġann, ġeiḃeann. 6. Caṫain. 7. D'ḟeicsint, d'ḟeiscint. 8. Bfaġann. 9. Dóiḃ, daoḃṫa. 10. Ḃeireas, ṫugas.

Ċuir Colm faoḃar ar an speil leis an gcloiċ líoṁṫa.

ceaċt IX.

Ṫoisiġ sé ag cur fearṫanna.[1] Ḃí sé ag clagaḋ[2] ar feaḋ tamaill. B'éigin do na buaċaillíḃ fanaṁaint[3] fá ḋíon tiġe.

A ḟaḋ is ḃíodar[4] istiġ rinneaḋ an maistreaḋ.[5] Ḃuail Seaġán dreas[6] aċt ba ġearr gur éiriġ sé tuirseaċ de. Ṫuig sé annsoin an ċaoi a ndéantar an t-im agus an ḃláṫaċ.

I n-éis tamaill d'éiriġ sé i n-aitealla.[7] Annsoin do spalp an ġrian amaċ.

"Siuḃail uait,[8]" arsa Colm, "agus raċamuid go dtí an móin-ḟéar.[9] Táṫar ag baint ḟéir annsúd."

"Tá go maiṫ," arsa Seaġán. "Baḋ ṁaiṫ liom sin a ḟeiceál."

D'imṫiġeadar leóḃṫa go dtí an móin-ḟéar. Ḃí an spealadóir ag baint ḟéir leis an speil.

"Gaḃ i leiṫ," ar seisean le Colm. "Tá an speal so maol. Tá faoḃar maiṫ agat.[10] Cuir faoḃar uirṫi. Tá tuirse orm-sa agus déanfad mo sgríste.[11] D'ḟágas na spealta géara in mo ḋiaiḋ sa mbaile[12]."

Rug Colm ar ċrann[13] na speile. Do ċuir sé an speal i n-a seasaṁ agus ċuir sé faoḃar uirṫi leis an gcloiċ líoṁṫa.

Ceisteanna.

An raiḃ an aimsear tirim? An raiḃ sé ag cur fearṫanna go láidir? An ndearnaiḋ sé bríġ ḟearṫanna? Ar ḟan na buaċaillí fá ḋíon tiġe? Ar ḟéadadar[14] dul amaċ? Goidé do rinneaḋ a ḟad is ḃíodar istiġ? Ar buail Seaġán dreas? An raiḃ sé sáṫaċ láidir do'n obair? An ḃfuair sé eólas fá'n mbláṫaiġ? Ar ṁair an ḟearṫainn ar feaḋ i ḃfad? An ḃfacadar an ġrian aríst? Cár ṁian le Colm a ḋul? Céard a ḃíṫear[15] a ḋéanaṁ sa móin-ḟéar? An raiḃ Seaġán sásta le dul go dtí an móin-ḟéar? Céard ba ṁian leis a ḟeiceál? Cár imṫiġeadar? Céard do ḃí an spealadóir a ḋéanaṁ? Cé leis a raiḃ sé ag baint ḟéir? An raiḃ an speal géar? Goidé duḃairt an spealadóir le Colm? An raiḃ faoḃar maiṫ ag Colm? An raiḃ tuirse ar an spealadóir? Ar ṁian leis a sgríste a ḋéanaṁ? Cár ḟág sé na spealta géara? Cé air ar

ruġ Colm? Cár ċuir sé an speal? Ar ċuir sé faoḃar ar an speil? Cé leis ar ċuir sé faoḃar uirṫi?

---

1. ag cur fearṫainne, ag fearṫainn, ag déanaṁ báistiġe, ag báistiġ. 2. ag clasgairt, ag clagairt, ag clagarnaiġ, ag dailteann, ag claigneaḋ, ag díleann. 3. fanaċt, fuireaċ. 4. An ḟaid is ḃí siad. 5. Dineaḋ an ċuigeann. 6. Greas. 7. Ḃí aiteall ann, d'éiriġ an ḟearṫainn ní b'éadtruime. 8. Tar uait, tarra uait, tar i n-éinḟeaċt liom. 9. Léana. 10. Tá tú i n-an faoḃar maiṫ a ċur ar speil, ar sgin, ⁊rl. 11. Leigsead mo sgíṫ. 12. Ag baile, sa ḃaile. 13. Sneid. 14. An raḃadar i n-an, an raḃadar i n-inniḃ, an raḃadar áḃalta ar, an dtáinic leóḃṫa. 15. Ḃíṫear.

Ceaċt X.

Coṁ luaṫ is ḃí faoḃar maiṫ ar an speil, ṫoisiġ an spealadóir ag baint an ḟéir arís. De réir mar ḃí sé ag gluaiseaċt ar aġaiḋ, ḃí sé ag fágáil an ḟéir i n-a buillíḃ i n-a ḋiaiḋ.

"Nuair a ḃíos an féar i n-a luiġe i n-a stráċannaiḃ ar an talaṁ mar sin agus gan é triomuiġṫe," arsa Colm, "is aṁlaiḋ a ḃeirṫear 'báiḋ[1]' ḟéir air. Aċt teanam ort[2] go dtí an gort ar an taoḃ ṫall de'n ḃalla soin. Táṫar ag baint coirce annsúd."

Bí triúr fear sa ngort. Bí corrán i láim gac duine aca.

Ċuadar anonn. Ḃí triúr fear sa ngort agus corrán i láiṁ gaċ duine aca. Ḃí triúr cailíní ag cuidiuġaḋ leóḃṫa.

Ḃí cotaí beaga dearga ar gaċ cailín aca, filéad éadtrom ṫar a guailníḃ agus pléicín[3] ar a ceann aici.

Ṫug Seaġán fá deara an ċaoi a raḃṫar[4] ag baint an ċoirce.

Ceisteanna.

Goidé rinne an spealadóir nuair a ḃí faoḃar ar an speil? An ḃfacais speal ariaṁ? An raiḃ sí maol? Cé an t-ainm atá ar an rud so (crann[5] na speile)? Taisbéan dom na doirníní. Cé an ċaoi ar ḟág an spealadóir an féar i n-a ḋiaiḋ? Céard is "báiḋ" féin ann? An mbíonn an féar tirim sa mbáiḋ? Cár ṁian le Colm a ḋul annsoin? An ndeaċadar go dtí an gort? Cé ḃí san ngort? Céard do ḃí i n-a láṁaiḃ aca? Cá raiḃ na corráin? An corrán é seo? Taisbéan dom cos an ċorráin agus béal an ċorráin. Cé ṁéad cailín a ḃí ann? Goidé ḃíodar a ḋéanaṁ? Cé an daṫ a ḃí ar a gcótaiḃ beaga?

Céard a ḃi ṫar a nguailniḃ aca? Taisbéan dom do ġuala. Buail do láṁ ar ṁo ġualainn. An é sin barr na gualann? Céard do ḃí ar ċeann gaċ duine aca? An dtug Seaġán níḋ ar biṫ fá deara? Créad a ġníoḋ[6] na fir?

1. "Sraiṫ" má ḃíonn sé fliuċ. 2. Tar(sa) uait teanam ort, siuḃail uait, tar liom. 3. Bionnóg. 4. Raḃṫar. 5. Sneid. 6. Ḋéanaḋ.

Ceaċt XI.

Do ċromaḋ na fir beagnaċ ar a nglúnaiḃ. Ḃeireaḋ gaċ fear aca ar lán glaice de'n ċoirce agus ḃaineaḋ sé leis an gcorrán é. Nuair a ḃíoḋ a ḟáiṫ bainte aige le punann a ḋéanaṁ de, d'ḟágaḋ sé i n-a ḋiaiḋ é. Annsoin ḃeireaḋ cailín ar an bpunainn agus ċeanglaḋ sí í. Ċuireaḋ sí an crios i ngar do ḃun na punainne.

"Goidé déanfar[1] leis an gcoirce sin?" arsa Seaġán le Colm.

"Le linn an tráṫnóna," arsa Colm, 'cuirfear[2] na punannaċa le ċéile agus déanfar stuaiceanna nó beirt díoḃṫa.[3] Bíonn deiċ bpunannaċa, nó ḋá ċeann déag

amannta, i ngaċ aon stuaic agus bíonn fiċe punann i ngaċ aon ḃeart. Nuair a ḃéas an coirce sáṫaċ tirim béarfar isteaċ san iotlainn é agus déanfar cruaċ ḋe. Cuirfear díon tuiġe ar ḃárr na cruaiċe."

"Cá ḟaide fágfar[5] san gcruaiċ é?" arsa Seaġán.

"Go tiġeaċt[6] an ġeiṁriḋ. Annsoin cuirfear isteaċ san sgioból é agus buailfiḋ na buailteóirí le súistíḃ é leis an ngrán a ḃaint de'n ċoċan,[7]" arsa Colm.

Ceisteanna.

Cé air a mbeireaḋ na fir? Céard a ḃainidís[8]? Cé leis a mbainidís é? Taisbéan dom do ġlac. An í seo an ġlac? Céard atá in mo ġlaic agam? Goidé ġnídís[9] ċoṁ luaṫ is ḃíoḋ a sáiṫ bainte aca le punann a ḋéanaṁ? Créad a ġníoḋ na cailíní annsoin? An gceanglaidís[10] na punannaċa? Cá gcuiridís an crios? Cé an ċeist do ċuir Seaġán ar Ċolm? Céard a ḋéanfaiḋe leis an gcoirce ar ṫiġeaċt an tráṫnóna? Cá gcuirfiḋe é? Céard a ḋéanfaiḋe ar na pun-

annaċaiḃ? Cé ṁéad punann a ḃéaḋ i ngaċ stuaic agus i ngaċ beart? Céard a ḋéanfaiḋe leis an gcoirce ċoṁ luat is ḃéaḋ sé sáṫaċ tirim? Cá gcuirfiḋe isteaċ é? Céard a ḋéanfaiḋe ḋe? Céard a cuirfiḋe ar ḃárr na cruaiċe? Cá ḟaiḋe fágfaiḋe san gcruaiċ é? Cá gcuirfiḋe annsin é? Cé ḃuailfeaḋ é? Cé leis a mbuailfiḋe é? Cad ċuige a mbuailfiḋe mar sin é?

1. Ḋéanfaiḋear. 2. Cuirfiḋear. 3. Ḋíoḃ. 4. Taḃarfar. 5. Fágfaiḋear. 6. Teaċt. 7. Tuiġe. 8. Ḃaineaḋ siad. 9. Ġníoḋ siad, ḋéanaiḋís. 10. gceanglaḋ siad.

CEAĊT XII.

"Céard is súiste ann?" arsa Seaġán.

"Ḋá ṁaiḋe agus iad ceangluiġṫe[1] d'á ċéile le éill," arsa Colm. "Bíonn ceann aca i láiṁ an ḃuailteóra. Sin é an colpán. Buailtear an t-arḃar leis an mbuailtín.[2] Bíonn an iall 'gá gceangailt d'á ċéile."

"Céard a ġníṫear leis an gcoirce annsoin?" arsa Seaġán.

"Cáiṫtear é. 'Séard is ciall leis sin .i. a ṫaḃairt amaċ fá'n spéir lá gaoiṫe agus

Buailtear an coirce le súistib.

a ċur ṫrí ċriaṫar. Nuair a ḃíos sé ag tuitim ó'n gcriaṫar sguabṫar an lóċán le gaoiṫ. Is truime an grán 'ná an lóċán agus d'á ḃríġ sin tuiteann sé ar an talaṁ. Annsoin cuirṫear an coirce i sacaiḃ. Beirṫear cuid de do na capallaiḃ le n-iṫe. Cuirṫear cuid eile ḋe ċuig an muileann le meilt.[8] Meilṫear é idir (eadar) ḋá ċloiċ ṁóra ar a dtugṫar bróinte muilinn. Bíonn bró ṁuilinn i n-uaċtar agus ceann eile i n-íoċtar. Bíonn poll i lár gaċ brón agus gró iarainn ṫríd. Castar iad go tapaiḋ agus meilṫear an coirce go ndéantar min de. Tugṫar cáiṫ ar na gráinníḃ a fágṫar mar iarsma agus gníṫear cáṫ-ḃruiṫ ḋe sin.

Ceisteanna.

An ḃfacaiḋ Seaġán súiste ariaṁ? An raiḃ fios aige cé an sórt ruda ḃí ann? Cé ṁéad maide a ḃíos i súiste? Goidé mar ḃíos siad ceangluiġṫe d'á ċéile? Céard é an colpán? Céard é an buailtín? Céard í an iall? An ḃfuil iall in do ḃróig? An ḃfuil lúb i lár na héille seo? Céard a gníṫear leis an súiste? Goidé gníṫear



Meiltear an coirce san muileann.

leis an gcoirce annsoin? Goidé mar cáiṫtear é? Cé an uair a ḃeirṫear amaċ é? Céard a ṫárluiġeas do'n lóċán? An truime an grán 'ná an lóċán? An dtuiteann sé ar an talaṁ? Cé ann a gcuirṫear an coirce annsoin? Cé ḋó a dtugṫar é le n-iṫe? Cá gcuirṫear an ċuid eile ḋe? Cá meiltear é? Cé an t-ainm a ḃíos ar an dá ċloiċ ṁóra? Cá mbíonn an dá ḃróin ṁuilinn? Cá mbíonn an poll? Céard a ḃíos ag dul ṫríd an bpoll? Céard a ġníṫear de'n ċoirce nuair a ṁeiltear é? Céard is cáiṫ ann? Céard is cáṫ-ḃruiṫ ann?

1. Ceangailte. 2. Buailteán, buailṫeán. 3. Milt.

CEAĊT XIII.

An tráṫnóna úd fuair Seaġán rotar ar iasaċt ó ḋuine de na macaiḃ léiġinn. Rotar deas a ḃí ann. Ḃí cluasa cuirc air. Ḃí an tslat agus an muineál[1] agus na speic agus an ḟearsaid agus an mul agus an ġuala fá ċuṁdaċ niocail. Caḃail an rotair agus an gaḃal agus na slinneáin



Fuair Seaġán roṫar ar iasaċt ó ḋuine de na macaiḃ léiġinn.

agus fonnsaí na roṫ agus na díona láṫaiġe, ḃíodar súd éamáilte. Ḃí diallaid leaṫair ar an roṫar agus luasgáin iarainn fá'n diallaid. Ḃí an slaḃraḋ agus na troiġṫeáin déanta de ċruaḋaiġ. Ḃí bonn aeir fá gaċ roṫ.

Ar a ḃeiṫ ar tí'imṫeaċt dóḃta ṫug Colm fá deara go raiḃ ceann de ḃonnaiḃ a roṫair féin tollta. Do ḃain sé an caipín de'n ċoṁlainn. Do ḃain sé amaċ an ċoṁla. Annsoin do ḃain sé an bonn de'n ḟonnsa agus ṫóg sé amaċ an bolg. Fuair sé an poll. Do leag sé braon greamáin timċeall an ṗuill agus do ġreamuiġ sé taoiḃín cúitriúic de'n ḃolg. Nuair a ḃí sé gream-uiġṫe ḋe i gceart do ċuir sé an bolg agus an bonn ar ais ar an ḃfonnsa agus do ṫeann sé leis an teannaire iad. Ċoṁ luaṫ is ḃí an bonn teann d'imṫiġeadar leóḃta.

Ceisteanna.

Cá ḃfuair Seaġán roṫar? Cé uaiḋ a ḃfuair sé é? Cé an uair a fuair sé é? Cé an sórt roṫair a ḃí ann? Cé an sáġas cluas a ḃí air? Cé an cineál slaite agus

muineáil[2] a ḃí air? Cé an sórt fearsaide a ḃí san roṫ? An raiḃ niocal ar an ḃfear-said? An raiḃ gaċ speac de'n roṫ fá ċuṁdaċ niocail? An raiḃ an mul agus an gealapán fá niocal? An raiḃ cabail an roṫair fá niocal? An raiḃ an gabal agus na slinneáin fá niocal? An raiḃ gaċ fonnsa fá niocal? An raiḃ na díonta laṫaiġe éamáilte? Cé an sórt diallaide a ḃí ar an roṫar? Céard a ḃí fúiṫi? Cé[3] as a ndearnaḋ an slaḃraḋ agus na troiġ-ṫeáin? An bonn cruaiḋ a ḃí ar gaċ roṫ? Céard a ṫug Colm fá deara? Goidé do rinne sé? An ḃfuair sé an poll? Créad do leag sé timċeall an ṗuill? Céard do ġreamuiġ sé de'n bolg? Goidé do rinne sé nuair do ḃí an bolg deisiġṫe? Cé[3] leis ar ṫeann sé bolg an ḃuinn? Céard do rinneadar nuair a ḃí an bonn teann?

1. muinéal. 2. muinéil, muiníl. 3. Cad.

Ceaċt XIV.

Ar a beiṫ i n-aice Ḃaile an Róba ḋóḃṫa do briseaḋ slaḃraḋ roṫair Ċuilm. Ḃíodar ag dul síos le fánaiḋ an ċnuic agus do ṗreab

an roṫar síos an cnoc sna caoir ṫeinnte.[1] D'éiriġ le Colm cosg a ċur air leis an gcosgán aċt buaileaḋ a roṫ tosaiġ i n-aġaiḋ roṫa deiriḋ roṫair Ṡeaġáin agus ṫuit sé de ṫuairt. Do briseaḋ dá speac de'n roṫ agus trí fiacla de ṫromán an roṫair agus do camaḋ an tslat agus an gealapán.

Ċuaiḋ siad go dtí an ċeardċa a ḃí i ngar dóḃta. Ḃí an gaḃa ag doras na ceardċan agus é ag cur cruḋ fá ċapall. D'iarradar air caoi[2] a ċur ar an roṫar. Ċoṁ luaṫ is ḃí na cruiḋṫe fá'n gcapall, ċuadar isteaċ sa gceardċain. Ḃí inneóin i lár an urláir agus ord le n-a hais. Ṫoisiġ an gaḃa ag séideaḋ na mbolg[3] leis an teine a ḋeargaḋ. Do ḋearg sé slat iarainn sa teiniḋ. Do leag sé ar an inneóin í. Do ḃuail sé leis an ord í agus do ḃain fásgaí aisti. Do lúb agus do ċas sé í. Do ċuir sé deis ar an roṫar annsoin.

Ceisteanna.

Cá raḃadar nuair do ṫárla an timpist do Ċolm? Céard do briseaḋ nuair do baineaḋ an truisle as Colm? An é gealapán an roṫair do briseaḋ? An é muineál an



Ṫoisiġ an gaḃa ag séideaḋ na mbolg leis an teine a ḋeargaḋ.

roṫair do ḃriseaḋ? An i n-aġaiḋ an ċnuic a ḃíodar ag dul? Goidé rinne an roṫar nuair briseaḋ an slabraḋ? An ḃfuilim-se ag briseaḋ an tslabraiḋ seo? An raiḃ an roṫar ag imṫeaċt go tapaiḋ? Ar éiriġ le Colm cosg a ċur air? Goidé d'éiriġ ḋó agus é ag cur coisg ar an roṫar? Ar ṫuit sé? Céard do briseaḋ de'n ċos so[4]? Créad do camaḋ? An fonnsa do camaḋ? An í an ḟearsaid do camaḋ? Ar tollaḋ bonn an roṫair? Cá ndeaċaiḋ siad ann-soin? Cé ḃí ag doras na ceardċan? Cá raiḃ an gaḃa? Créad a ḃí sé a ḋéanaṁ? An raiḃ bean an ġaḃann[5] ann? Céard d'iarr luċt na roṫar air? Cá ndeaċadar nuair a ḃí na cruiḋte fá'n gcapall? Céard a ḃí i lár an urláir? Cá raiḃ an inneóin? Céard a ḃí le n-a hais? Cá raiḃ an t-ord? Cá raiḃ cos an uird? Goidé ṫoiriġ an gaḃa a ḋéanaṁ? Cad ċuige ar ḟéid sé na builg? Ar ḋearg sé an teine? Ar ḋearg sé an tslat? Cad ċuige a raiḃ sé ag bualaḋ na slaite? An aṁlaiḋ do buail sé an t-ord leis an tslait? Céard

do bhain sé as an tslait? Ar chuir sé caoi ar an potar?

1. go han-tapaidh. 2. Deir. 3. na mbuilg. 4. An uair seo. 5. An ghabha.

Ceacht XV.

Nuair a bhíodar ag imtheacht ó'n gceárdchain tháinic an tsean-bhean i n-a n-aircis.[1] Bhí sí ag labhairt Béarla briste le beirt páistí a bhí le n-a cois.

"Cad chuige[2] nach labhruigheann[3] tú Gaedhilg leis na páistíbh?" arsa Seaghán.

"Sure, if I wud be spakin' Irish to the childher," ar sise, "I wud be afeard I'd spile thim."

Tháinic fearg an domhain ar Sheaghán nuair a chualaidh sé sin.

"A bhean chóir," ar seisean, "nach bhfuil a fhios agat[4] gur tú féin atá ag milleadh an Bhéarla orthu. Táim cinnte go bhfuil togha[5] na Gaedhilge agat, acht ná tóg orm é má deirim gur dona ar fad é do chuid Béarla. Goidé an fáth[2] nach labhruighir an teanga atá ar do thoil agat?"

"Maire, I'd be afeard they wuldn't hev

the English," ar sise. "Isn't it the Irish that's lavin' us poor?"

"Is mór an dul amuḋa atá ort," arsa Seaġán agus truaġ aige ḋuiṫe mar ġeall ar a hain-eólas. "Tá na céadta míle duine i mBaile Áṫa Cliaṫ agus i Sasana agus san Oileán Úr gan focal i n-a bpluic aċt an Béarla agus deirim-se leat naċ boċt go dtí iad. Táid i bfad níos boiċte ná siḃ-se cé naċ bfuil focal Gaeḋilge aca. Tá cuid aca gan fiú na léine ar a ndruim. Nuair naċ raiḃ focal Béarla d'á laḃairt i nÉirinn ḃí muinnter na tíre seo i bfad ní ba saiḋḃre[6] ná táid anois. Má laḃruiġeann tú Béarla briste leis na páistiḃ sin ní ḃéiḋ aca go deó aċt an droċ-ċanaṁaint atá siad a ḟoġluim uait-se. Ní ḟéadfaiḋ an máiġistir sgoile a baint as a mbéal. Béid i n-a ndíol magaiḋ a ḟad is beó a gceann.[7] Aċt má laḃruiġir an Ġaeḋilg leóḃta, béiḋ an teanga sin aca go cruinn. Foġluimeóċaid Béarla ceart ó'n máiġistir sgoile agus i ndeireaḋ na dálaċ béiḋ an dá ṫeangaiḋ aca go binn blasta."

"Maire, i nDóṁnaċ, a stór, b'féidir gur

fíor duit é," ar sise. "Ní laḃróċaḋ[8] feasta aċt an Ġaeḋilg. Táim buiḋeaċ ḋíot mar ġeall ar an sgéal a ṁíniuġaḋ dom."

Annsoin d'imṫiġ sí léiṫi agus í ag smaoineaḋ ar an sgéal.

Ceisteanna.

Cé ṫáinic fá n-a ndéin nuair a ḃíodar ag cur deise[9] ar an roṫar? Cé an teanga a ḃí sí a labairt? Cé leis a raiḃ sí ag cainnt? Cá raiḃ na páirtí? Cé an sórt Ḃéarla ḃí aici? Cé an ċeist a ċuir Seaġán uirṫi? Créad fá[2] naċ raiḃ sí ag labairt Ġaeḋilge leóḃṫa? An raiḃ Seaġán sásta leis an bfreagraḋ? Cé ḃí ag milleaḋ an Ḃéarla orṫa de réir Ṡeaġáin? Cé an sórt Gaeḋilge do ṁeas sé a ḃeiṫ aici? Cé an meas a ḃí aige ar a cuid Ḃéarla? Créad fá[2] naċ raiḃ sí ag labairt na teangaḋ a b'fearr a ḃí aici? Céard ba cionntaċ le iad a ḃeiṫ boċt de réir a baraṁla? An raiḃ an ceart aici? Créad fá a raiḃ truaġ ag Seaġán duiṫe[10]? An bfuil daoine boċta i mBaile Áṫa Cliaṫ? An bfuil Gaeḋilg aca? An bfuil daoine i Sasana agus san Oileán

Ár agus easbaidh éadaigh orta? An bhfuil Béarla aca? An bhfuil Gaedhilg aca? An boichte iad 'ná muinntear na hÉireann? An saidhbhre a bhí muinntear na hÉireann nuair a bhíodar is gan Béarla ar bith aca 'ná mar táid anois? Má fhoghluimeann páisde droch-chanamhaint agus é óg, an dtig leis[11] an chanamhaint cheart fhoghluim i n-éis sin? An dtig leis an máighistir sgoile aon mhaitheas a dhéanamh dó? An mbéitear[12] ag magadh faoi? Má fhoghluimeann sé Gaedhilg cheart ó n-a mháthair agus Béarla ceart ó'n máighistir sgoile, cé an sághas cainnte a bhéas aige? Ar chreid an trean-bhean Seaghán nuair adubhairt sé sin? Cé an gheallamhaint a thug sí do Sheaghán? An raibh sí buidheach de? Céard a bhí sí a dhéanamh agus í ag imtheacht?

---

1. Fá n-a ndéin. 2. Cé an fáth, cad 'n-a thaobh, cad ar, goidé an t-ádhbhar, goidé an chúis. 3. Labhrann. 4. Nach bhfeadaraís. 5. Sgaith. 6. Ní ba shaidhbhre. 7. A fhad is béas siad beó. 8. Ní labhairfead. 9. Ag cur deise ar, ag deisiughadh, ag deasughadh. 10. Di. 11. An féidir leis. 12. An mbéidh daoine.

CEACHT XVI.

Lá ar n-a bhárach bhí an aimsear an-bhreagh.

Do ċruinniġeadar an féar le rácaiḃ. Rinneadar cruinneacáin nó gráinneóga féir de.

Ḃí an grian ag taitneaṁ.[1] Sul ar ṫoisiġ na ceaċta sa gColáiste ċuaiḋ an ḃeirt ḃuaċaillí amaċ ag sáḃáil ḟéir.

Do ṫógadar an féar agus do ċraiṫeadar é. Annsoin d'ḟágadar ar an talaṁ d'á ṫriomuġaḋ fá ṫeas na gréine é.

Ċuaiḋ siad amaċ arís tráṫnóna i gcuid-eaċta[2] na ḃfear oibre. Do ċruinniġeadar an féar le rácaiḃ. Ar a ḃeiṫ cruinn do'n ḟéar aca, rinneadar cruinneacáin nó gráinneóga féir ḋe. Is é sin le ráḋ, do ċromaidís síos agus do ṫógaidís lán gabála d'ḟéar. Annsoin ġnídís cruinn-eacán[3] nó gráinneóg féir ḋe. Ḃíonn an cruinneacán cosaṁail le gráinneóig ar ċuma.

"Céard a déanfar leis an ḃféar so?" arsa Seaġán.

"Nuair a ḃéas sé roinnt tirim déanfar cnapáin de. Ṫar éis sin déanfar cocaí móin-ḟéir agus is mó iad-san 'ná na cnapáin. Ar teaċt an ḟoġṁair béarfar isteaċ san iotlainn é agus déanfar síog[4] féir ḋe. Cuirfear an féar suas le pícíḃ féir. Is minic naċ mór dréimire a ċur le

hais na ríge má ḃíonn sí ró-árd. Cuirfear díon tuige ar ḃárr na ríge."

Ceisteanna.

Cé an sórt aimsire a ḃí ann lá ar n-a ḃárach? Ar raiḃ sgamaill ar an ngréin? Cá ndeaċaiḋ an ḃeirt ḃuaċaillí? Céard a ḃíodar a ḋéanaṁ? Goidé rinneadar leis an ḃféar? Cár ḟágadar an féar? Cá ndeaċaiḋ siad tráṫnóna? Cé ḃí 'n-a gcuideaċta? Cé leis ar ċruinniġeadar an féar? Céard a rinneadar nuair a ḃí an féar cruinn aca? Cé an ċaoi a ndéanaidís na cruinneacáin? Céard a rinneaḋ de'n ḟéar t'éis sin? Cé an uair a ḃeirtear isteaċ san iotlainn é? Créad a ġnítear annsoin? Cé leis a gcuirtear an féar suas ar an tríg? Céard a cuirtear mar ḋíon ar an tríg?

1. Soillsiuġaḋ, deallraṁ, taiṫneaṁ. 2. i ḃfoċair, i ḃfarraḋ, i n-éinfeaċt le, mar aon le, i n-éindiġ le. 3. Turnóg, gaḃáil féir. 4. Cruaċ, ríogán.

ceaċt XVII.

Ag dul a ḃaile dóḃta, toisiġeadar ag cainnt fá na fataiḃ.

"Cé an ċaoi a gcuirtear na fataí, agus a ḃfásann siad?" arsa Seaġán.

"Is aṁlaiḋ a treaḃtar an bán nó an connlaċ leis an gcéaċta i mbéal an earraiġ," arsa Colm. "I n-éis sin fursuiġtear an talaṁ leis an gcléit.[1] Ġníṫear iomaireaċa[2] annsoin agus díogaí[3] eatorta. Nuair a ḃíos an iomaire ullṁuiġṫe cuirtear na sgiolláin[4] ann. Seasann fear ar an iomaire agus stíḃín i n-a láiṁ aige. Ġníonn sé puill san gcré. Bíonn an gogaire ag teaċt 'n-a ḋiaiḋ agus é ag gogaireaċt, sé sin le ráḋ, cuireann sé sgiollán nó póirín[5] i ngaċ poll. I gceann cúpla seaċtṁain tig na baċlóga[6] aníos mar ḃéaḋ ciaróga duḃa. Fásaiḋ agus tigeann duilleóga glasa agus bláṫanna bána agus gorma orta. Má ḃíonn an aimsear fliuċ i riṫ an tsaṁraiḋ tig an duiḃeaċán[7] ar na fataíḃ agus loḃann siad. Nuair a ḃíos na fataí aibiḋ baintear leis an láiġe[8] iad agus cuirtear fré ċéile i bpoll mór san talaṁ iad.

Ceisteanna.

Nuair a ḃí na gasúir ag dul a ḃaile, cé

Treaḃtar agus fursuiġtear an talaṁ. Cuirtear na sgiolláin sna hiomaireaċaiḃ.

air a raḃadar ag cainnt? Cá raḃadar ag dul? Cé an uair a treaḃṫar an talaṁ cuir? An é an talaṁ cimín[9] a treaḃṫar? Cé leis a dtreaḃṫar é? Céard a ġníṫear i n-éis an talaṁ a ḃeiṫ treaḃṫa? Cé leis a ḃfuirsuiġṫear é? Cé an uair a ġníṫear an iomaire? An mbíonn díoga[10] idir gaċ ḋá iomaire? Goidé cuirṫear san gcré nuair a ḃíos an iomaire ullṁuiġṫe? Cá seasann fear a gcurṫa? Créad a ḃíos i n-a láiṁ aige? Céard é an stíḃín[11]? Cá ndéantar an poll? Cé hé an gogaire? Cá mbíonn sé? Céard a ḃíos sé a ḋéanaṁ? Goidé ċuireas sé i ngaċ poll? Céard a ṫig aníos fá ċeann cúpla seaċtṁain? Cé leis ar cosaṁail na baċlóga? Nuair a ḟásas na baċlóga céard a ṫig orta? Nuair a ḃíos na fataí aibiḋ[12] créad a ġníṫear leóḃṫa? Cá gcuirṫear iad? Cé an galar[13] a ṫig ar na fataiḃ má ḃíonn an aimsear fliuċ?

---

1. mbráca. 2. iomairí. 3. Claiseaċa. 4. Sgoilteáin. 5. póiṫín, crioċán, sgrioċaide. 6. baslóga, baflóga. 7. Dubċan, aicíd. 8. Ráinn, spáid. 9. Talaṁ féir. 10. Clais, díog. 11. Cuaille, sáiṫteán. 12. aipiḋ. 13. Galra, garla, aicíd.

Ḃí sraṫraċa ar na hasalaiḃ.

Ceaċt XVIII.

Ag teaċt a ḃaile ḋóḃṫa, casaḋ beirt garsúr orṫa[1] ar an mbóṫar. Ḃí ḋá asal leóḃṫa. Ní raiḃ diallaideaċa ar na hasalaiḃ aċt ḃí sraṫraċa orṫa. Ḃí an tsraṫar ceangailte de'n ċéad asal le teanntán. Ḃí tiarać[2] fá n-a iorball.[3] Ní raiḃ aċt aḋastar ar a ċeann. Ḃí ḋá ṗáirdóig ar croċaḋ ó sgorógaiḃ[4] na sraṫ-raċ. Ḃí tóineóg gaċ páirdóige daingniġṫe[5] le sluidín.[6]

Ḃí sraṫar eile ar an dara hasal. Ḃí ḋá ċliaḃ mónaḋ ar croċaḋ ó'n tsraṫair. Ḃí srian ar an asal so agus béalṁaċ i n-a ḃéal.

"Cá raiḃ siḃ?" arsa Colm.

"Ḃíomar ar an bportaċ," arsa duine aca. "Tá m'aṫair ag baint ṁónaḋ ann-soin. Ḃí mise ag gróigeaḋ[7] na mónaḋ."

"Goidé mar baintear an ṁóin?" arsa Seaġán.

"Baintear í le acar[8] a dtugtar 'sleaġán' air," arsa Colm. "Annsoin gníṫear gróigíní[9] de na fódaiḃ. Ċoṁ luat is

Baintear an ṁóin le sleaġán. Annsoin gnítear gróigíní de na fóḋaiḃ.

ḃíos na fóide tirm ġnítear cruaċ ṁónaḋ ḋíoḃta."

Ceisteanna.

Cá raiḃ Seaġán agus Colm ag dul nuair a casaḋ an ḃeirt ġasúr orṫa? Cé an sórt beiṫiḋeaċ a ḃí fá ṫreóruġaḋ na ngasúr? Cé ṁéad asal a ḃí ann? An raiḃ diallaiḋeaċa orṫa? An raiḃ sraṫraċa orṫa? Cá raiḃ an tsraṫar ceangailte de'n ċéad asal? Céard a ḃí ġá ceangailt? Cá raiḃ an tiarac? An raiḃ srian ar ċeann an ċéad asail? Céard a ḃí air? Goidé ḃí ar croċaḋ ó gaċ taoḃ de'n tsraṫair? Cá raiḃ na párdóga ar croċaḋ? Cé an ċaoi a raḃadar daingniġte? An raiḃ sraṫar ar an dara hasal? Céard a ḃí ar croċaḋ ó'n tsraṫair seo? Céard a ḃí i ngaċ cliaḃ? An raiḃ srian ar an asal so? An raiḃ béalṁaċ i n-a ḃéal? Cá raiḃ an ḃéalṁaċ? Cá raiḃ na gasúir roiṁe sin? Cá raiḃ aṫair an ġasúir do laḃair le Colm? Créad a ḃí sé a ḋéanaṁ? Goidé ḃí an gasúr a ḋéanaṁ? Cé leis a mbaintear an ṁóin? Cé an t-ainm a ḃeirtear ar an acar a mbaintear

an moin leis? Céard a ġníṫear de na fódaiḃ? Céard a ġníṫear de na fódaiḃ nuair a ḃíos siad tirim?

---

1. Ḋóḃṫa, ḋóiḃ, leóḃṫa (C.). 2. Siaraċ. 3. 'Rḃall, earball, drioball. 4. Sgorán, aḋarc. 5. Daiġniġṫe. 6. Luiḋín, gaḃlóig. 7. Curaiceaḋ, cruiceaḋ, cnuċairt, cnoċairt, gruaigeaḋ. 8. Uirlis. 9. Cuireacóga góigíní, gróġáin, cnoċair.

Gluais.

(As a rule, no words are given here except those which are not in the vocabulary of the Handbook of Modern Irish. A few of those given in the Handbook are repeated here if used in the text with a special meaning.)

acar, *n. m.* 1., an instrument, tool; also acaire and acra.

aḋarc, *n. f.* 2., a horn; peg (of straddle).

aḋastar, *n. m.* 1., a halter, head-stall.

aicíd, *n. f.* 2., a disease (contagious); blight on potatoes (U.).

áiléar, *n. m.* 1., a loft (over kitchen, &c.); garret, gallery.

amar, *n. m.* 1., a trough.

aoileaċ, *n. m.* 1., manure, dung; carn aoiliġ, a dung heap

Bac, *n. m.* 1. *and f.* 2., *gen.*, baic and baice, a hob; also *n. m.* 1., a stop, impediment, crook, joint.

bacla, *n. f.* 2. *and* 5., *gen.*, baclann and baicle, the space between the arm and forearm when bent; bacla ṁónaḋ, an armful of turf (taken on the bent arm); lán a ḃaclann, as much as he could take on his bent arm.

baċlóg, *n. f.* 2., a bud, a sprout; also baslóg (S. C.) and baflóg (E. U.).

báiḋ, *n. f.* 2., a swarth or swathe of grass left by the mower; friendship; sympathy.

bán, *n. m.* 1., lea land.

béalṁaċ, *n. f.* 2., a bridle-bit (for horse).
beaṗt, *n. m.* 1., a "barth" (of corn), *i.e.*, a pile of 20 sheaves bound together; a bundle (of straw, &c.); an act, a deed (also *n. f.* 2.).
beirṫe, *v. adj.*, born, borne; ní'l ḟior agam beirṫe ná beó, I do not know "from Adam" ("at all, at all").
béiṫear, *v. fut. indef.*, people will be, one will be, they will be; also beiṗear, beiṫear.
beiṫiḋeaċ, *n. m.* 1., *gen. and plur.*, beiṫiḋiġ, a beast, an animal; also beaṫaiḋeaċ and beaṫaċ.
blaosg, *n. f.* 2., a shell, a skull; also plaosg.
bliġ, *v. tr.* 1., milk; *v. n.*, bleaġan; *v. adj.*, bliġte; also bleaġ.
bocáirte, *n. m.* 4., baggage.
bolg, *n. m.* 1., *gen.*, builg, a belly; a pouch; the inner tube of a pneumatic tyre; *pl.*, builg, bellows.
bollóg, *n. f.* 2., a home-made flour loaf or "cake."
bonn, *n. m.* 1., *gen. and pl.*, buinn, a sole (of foot or boot); a tyre (of bicycle); bonn aeir, a pneumatic tyre.
bratac, *n. m.* 1., a flag, ensign, standard; a robe, garment.
bríġ, *n. m.* 2. *and* 4., *gen.*, bríġe and bríoġ, power, strength, force, vigour; substance, essence; meaning; ní ḋéanfaiḋ sé bríġ fearṫanna, it will not rain much; ḋe bríġ, by virtue of, because of.
bró, *n. f.* 5., *gen.*, brón, *dat.*, bróin, *pl.*, bróite and bróinte, a quern, a hand-mill; bró ṁuilinn, a mill-stone.
builín, *n. m.* 4., a (baker's) loaf.
buille, *n. m.* 4., a stroke, blow; the portion of grass left by the mower after each stroke of the scythe.

Caḃail, *n. f.* 2., a body, trunk (of animal); frame (of a bicycle).

cáiṫ, *n. f.* 3., the "grains" left after grinding corn, and which are boiled to make "flummery."

cáiṫ, *v. tr.* 1., winnow.

canaṁain(t), *n. f.* 3., *gen.*, canaṁna, *pl. id.* and canaṁ-aintí, pronunciation, dialect.

caoir, *in phr.*, tá an capall (&c.) ag dul sna caoir ṫeinte, the horse (&c.) is going in the flames of fire (*i.e.*, at a great pace, knocking sparks out of the road).

cáṫ-ḃruiṫ, *n. m.* 2., flummery (made from boiling the cáiṫ).

ceileaḃar, *n. m.* 1., a warbling (of birds); chatting (of people).

ciaróg, *n. f.* 2., a beetle, a cockroach; ciaróg ḋuḃ, a black-beetle; in places the sprouts of potatoes when just appearing over ground are called ciaróga ḋuḃa.

cimín, *n. m.* 4., pasture; talaṁ cimín, pasture land; also coimín.

císte, *n. m.* 4., *pl.*, císteaċa and cístí, a cake.

clagaḋ (N. C.), *v. n.*, pouring (of rain); also clagairt (W. G.), clagar (Ker.), clasgairt (W. G.), clagar-naċ (M.), clagaireaċt (W. G.).

claibín, *n. m.* 4., a joggler (a little wooden saucer with a hole through which the handle of the churn-dash is put); also clabaire.

cliaṫ, *n. f.* 2., *gen.*, cléiṫe, *dat.*, cléiṫ, a hurdle, a harrow; also (for harrow) cliaṫ ḟursuiġṫe.

cloigeann, *n. m.* 1. *and f.* 2., *gen.*, cloiginn and cloigne, a skull, a head; also claigeann.

cluas, *n. f.* 2., an ear; a handle (of vessel with two handles); a handle (of bicycle).

cLúıᴅ, *n. f.* 2., a chimney-corner, a nook, a recess.
cnapán, *n. m.* 1., a lump, a knob; a hand-cock (of hay).
coca, *n. m.* 4., a cock (of hay); coca móın-ḟéıṗ, a tramp cock.
coċan, *n. m.* 1., straw.
coᵹaṗ, *n. m.* 1., a whisper.
coınnleaċ, see connlaċ.
coṁla, *n. f.* 5., *gen.*, coṁlan and coṁlaḋ, *dat.*, coṁlaın and coṁlaıḋ, a valve; a leaf of a door; a shutter (of window). Prond. cúla in W. G.
connlaċ, *n. m.* 1., stubble; also coınnleaċ.
coṗc, *n. m.* 1., *gen.*, cuıṗc, cork.
coṗᵹán, *n. m.* 1., a brake (of bicycle, &c.).
coṗtaṗ, *n. m.* 1., cost, expense.
cṗáıneaḋ, *v. n.*, act of suckling.
cṗaıṫ, *v. tr.* 1., shake; *v. n.*, cṗaṫaḋ; also cṗaṫ and cṗoıṫ.
cṗıaṫaṗ, *n. m.* 1., *pl.*, cṗéıṫṗe, a sieve.
cṗıaṫaṗ, *v. tr.* 2., sift; *v. n.*, cṗıaṫṗaḋ.
cṗıoṗ, *n. m.* 1. *and* 3., *gen.*, cṗıṗ and cṗeaṗa, a girdle, a belt; the binding on a sheaf.
cṗoċaḋ, *v. n.* 3., *gen.*, cṗoċta, act of hanging; a hooked iron bar over the fire for hanging pots, &c.; in latter meaning also cṗoċ, *n. f.* 2.
cṗuaċ, *n. f.* 2., a stack (of corn or turf).
cṗuaḋaċ, *n. m.* 1., *gen.*, cṗuaḋaıᵹ, steel.
cṗuḋ *n. m.* 1., *gen.*, cṗuıḋ, *pl.*, cṗuıḋṫeaċa, cṗuıḋṫe and cṗuıṫeaċa, a shoe (of horse or ass).
cṗúḋ (M.), *v. tr.* 1., milk; *v. n.*, cṗúḋaḋ, *v. adj.*, cṗúıḋte.
cṗuınneacán, *n. m.* 1., a lap (of hay).
cṗuıṫneaċt, *n. f.* 3., wheat.
cúıtṗıúc, *n. m.* 1., india-rubber, gutta-percha.

cuṁdaċ, *n. m.* 1., a cover, covering.
cur, *v. n. m.* 1., act of putting, sending, sowing, &c.; talaṁ cuir, tillage land.

Dáil, *n. f.* 3. *and* 5., *gen.*, dála and dálaċ, a meeting; a story; i ndeireaḋ na dála(ċ), in the end, finally; i ndáil le, near.
díoga, *n. m.* 4., a furrow, a trench; also díog, *n. f.* 2. *and* 5.
díol, *n. m.* 3., act of selling; act of paying (M.); what is sufficient for one; an object (of anything); díol magaiḋ, an object of ridicule; mo ḋíol, enough for me; mo ḋá ḋíol, twice as much as I want.
díon, *n. m.* 1. *and* 3., *gen.*, dín and díona, *pl. id.* and díonta, a cover; thatch; protection; díon lataiġe, a mud-guard (of bicycle).
doirnín, *n. m.* 4., a little handful; a handle (of a scythe); a cuff (for wrist); prond. dornín in C. and dúirnín in W. M.
Domnaċ, *n. m.* 1., Sunday; i nDomnaċ, an asseveration something like—By Jove!
dreas, *n. m.* 3., a bout, a turn (doing anything); ḃuail sé dreas, he took a turn at churning; also greas.
dréimire, *n. m.* 4., a ladder.
duiḃeaċán, *n. m.* 1., a dark, deep hole; blight (on potatoes); also duḃaċán and duḃċan.
duilleóg, *n. f.* 2., a leaf; also billeóg.

Éamáil, *v. tr.* 1., enamel.
éill, *see* iall.

Falraċ, *n. m.* 1., a fit; falraċ gáire, a fit of laughter.
fásgaí, *n. pl.*, the sparks knocked off a piece of red hot iron by a smith; i mbarr na ḃfásgaí (or sna fás-gaiḃ), at top speed.

feannaire, *n. m.* 4., a cake with currants on the top; a flayer.

fearsaid, *n. f.* 2., a spindle; axle (of a bicycle wheel).

filéad, *n. m.* 1., a kerchief, a small shawl.

fó-ċupán, *n. m.* 1., a saucer.

fogus, *n. m.* 1., nearness, proximity; i bfogus (with *gen.*) or i bfogus do (with *dat.*), near, *prep.*; also *adj.*, near; *comp.*, níos foigse or foisge.

fonnsa, *n. m.* 4., a hoop; a rim (of bicycle wheel).

forrán, *n. m.* 1., a greeting, salutation; ċuir sé f. orm, he greeted me.

frioċt, *v. tr.* 1., fry; *v. n.*, frioċtaḋ or frioċtáil; *v adj.*, frioċtṫa.

frioċtán, *n. m.* 1., a frying-pan.

fuar-ḃeirḃṫe (M.), *v. adj.*, cold (cooked meat, &c.).

fuar-ḃruiṫte (C. and U.), *v. adj.*, cold (cooked meat, &c.).

fursuiġ, *v. tr.* 2., harrow; also fuirsiġ; *v. n.*, fursuġaḋ.

gaḃáil, *n. f.* 3., *gen.*, gaḃála, an armful (as much as can be taken between the two outstretched arms).

gaḃal, *n. m.* 1. *and f.* 2., *gen.*, gaḃail and gaiḃle, *pl.*, gaḃla, gaiḃle and gaiḃleaċa, fork (of bicycle, &c.).

gaḃlóg, *n. f.* 2., a fork (for eating), a forked prop.

gárḋa, *n. m.* 4., a guard.

gealapán, *n. m.* 1., a piece of leather which turns the crank of a spinning wheel; a crank (of bicycle).

glac, *n. f.* 2., *gen.*, glaice, *dat.*, glaic, the hand half open for grasping.

glaoiḋ, *v. tr.* and *intr.* 1., call, shout; crow (of cocks); *v. n.*, glaoḋaċ; also blaoiḋ.

gogaire, *n. m.* 4, a person who puts the potato splits into the holes made by the stíḃín; a midwife.

gogaireaċt, *v. n.*, acting as a gogaire.

gor, *v. tr.* 1., heat, warm, hatch; *v. n.*, goraḋ and gor; tá an ċearc ar gor, the hen is hatching.

grád, *n. m.* 1., a class, grade.

gráinne, *n. m.* 4., a grain (of corn, &c.).

gráinneóg, *n. f.* 2., a hedgehog; gráinneóg ḟéir, a lap of hay.

grán, *n. m.* 1., grain; a ball (for bearings of bicycle); ar ġrán, on ball-bearings.

gráta, *n. m.* 4., a grate.

gró, *n. m.* 4., a bar; gró iarainn, a crow-bar, a bar of iron.

gróig (or gróg), *v. tr.* 1., "foot," set on end; *v. n.*, gróigeaḋ or grógaḋ; ag gróigeaḋ ṁónaḋ, putting turf sods on end in little heaps to dry.

gróigín, *n. m.* 4., a small heap of sods of turf set on end to dry, a "footing" of turf.

greamán, *n. m.* 1., stuff for sticking; solution (for mending rubber tyres).

iall, *n. f.* 2., *gen.*, éille, *dat.*, éill, *pl.*, ialla and iallaċa, a boot-lace, a thong, leash.

iarsma, *n. m.* 4., a remnant, a relic.

iasaċt, *n. f.* 3., a loan.

iomċuróir, *n. m.* 3., *gen.*, iomċuróra, a porter, carrier; prond. iompuróir.

ionnfairt, *v. n. f.* 2., act of wallowing; ionn is prond. iún in M.

ioṫla (M.), *n. f.* 5., *gen.*, ioṫlann, *dat.*, ioṫlainn, a haggard.

ioṫlainn (C.), *n. f.* 2., a haggard; also ioṫlann, *n. f.* 2., and ioṫla.

láiġe, *n. f.* 4., *pl.*, láiġeanna, a narrow spade, a *loy*.

laṫaċ, *n. f.* 2., *gen.*, laṫaiġe, mud, dirt; dion laṫaiġe, a mud-guard.

leamnacc, *n. f.* 3., new milk, sweet milk.

léigeann, *n. m.* 1., learning, reading; mac léiginn, a student; aos (or mic) léiginn, students.

líomh, *v. tr.* 1., whet, sharpen, polish; *v. n.*, líomhadh; *v. adj.*, líomhtha; cloch líomhtha, a sharpening stone; líomh-bhró, a grindstone.

lobh, *v. tr.* and *intr.* 1., rot, putrefy; *v. n.*, lobhadh; *v. adj.*, lobhtha (*prond.* lofa).

lóchán, *n. m.* 1., chaff.

luasgán, *n. m.* 1., a spring, a swing, a swinging to and fro, a rocking.

luithne, *n. f.* 4., a churn-dash; also loine, luine, loinid and loinid; cos luithne, a handle of churn-dash.

Maistreadh, *v. n. m.*, a churning; also maistir, maistre and maistriughadh.

meadar, *n. f.* 2., *gen.*, meidre, *dat.*, meidir, *pl.*, meadra, a churn (M.); a "mether."

meangadh, *v. n. m.*, meangadh gáire, smiling.

meil, *v. tr.* 1., grind; *v. n.*, meilt; *v. adj.*, meilte; also mil.

muileann, *n. m.* 1., *gen.*, muilinn, a mill.

muineál, *n. m.* 1., *gen.*, muineáil and muiníl, a neck, handle-bar stem (of bicycle); also muinéal, *gen.*, muinéil.

múisíom, *n. m.* 1., displeasure.

mul, *n. m.* 1., *gen.*, muil, *pl.*, muil and mula, an axletree; hub (of bicycle).

Niocal, *n. m.* 1., nickle; fá chumhdach niocail, nickle-plated.

Oigheann, *n. m.* 1., *gen.*, oighinn, *pl.*, oigheanna, an oven.

ord, *n. m.* 1., *gen.*, uird, *pl.*, uird and oird, a sledge-hammer; in M. the o and u are long before rd; in W. G. the o is prond. like *ow* in *cow*.

párdóg, *n. f.* 2., *gen.*, párdóige, *dat.*, párdóig, *pl.*, párdóga, a creel with a bottom which can be let down; a mat.

péist, *n. f.* 2., *gen.*, péiste, a worm, a reptile.

piast, *n. f.* 2., *gen.*, péiste, a worm, a reptile.

píce, *n. m.* and *f.* 4., a pitch-fork, a pike (weapon); píce féir, a hay-fork.

pléicín, *n. m.* 4., a kerchief which a woman wears round her head (N. C.); stakes set in the ground (M.).

pluc, *n. f.* 2., *gen.*, pluice, *dat.*, pluic, *pl.*, pluca, a cheek.

póirín, *n. m.* 4., a small potato; *dim.* of pór, a seed; prond. póiṫín in Sligo.

punann, *n. f.* 2., *gen.*, punainne, *dat.*, punainn, *pl.*, punannaċa and punanna, a sheaf.

Ráca, *n. m.* 4., a rake (for hay, &c.).

roṫ, *n. m.* 3., *gen.*, roṫa, *pl.*, roṫa, roṫaí and roṫanna, a wheel; also roṫa.

roṫar, *n. m.* 1., a bicycle.

Sáṁ, *adj.*, quiet, tranquil, composed; sáṁ-ċodlaḋ, tranquil sleep.

séaluiġ, *v. tr.* 2., strain; subside; *v. n.* séaluġaḋ; *v. adj.*, séaluiġṫe.

sgiollán, *n. m.* 1., a "split"—*i.e.*, a portion of a potato containing an "eye" cut for planting; also sgioltán (M.).

sgoróg, *n. f.* 2., a peg of a straddle.

sgríob, *v. tr.* 1., scrape, scratch; *v. n.*, sgríobaḋ *v. adj.*, sgríobṫa; also sgráb.

sgruinse, *n. f.* 4., an engine.

siog, *n. f.* 2., *gen.*, sige, *dat.*, síg, *pl.*, sioga, a rick; síogán, *n. m.* 1., a long, narrow rick.

sioltán, *n. m.* 1., a strainer.

slaḃraḋ, *n. m.* 1., *gen.*, slaḃraiḋ, a chain.

slat, *n. f.* 2., *gen.*, slaite, *dat.*, slait, a rod; a yard (measure); handle-bar (of bicycle).

sleaġán, *n. m.* 1., a turf-spade.

sluidín, *n. m.* 4., a rod used for fastening the bottom of a párdóg; also luidín and gaḃlóg.

spalp, *v. tr. and intr.* 1., burst forth suddenly; parch; give out (oaths, &c.) recklessly.

speac, *n. m.* 1., *gen. and pl.*, speic, a bar, a spoke.

sraṫar, *n. f.* 5., *gen.*, sraṫraċ, *dat.*, sraṫair, *pl.*, sraṫraċa, a straddle.

stíbín, *n. m.* 4., a stick with a foot-rest used for making holes for setting potatoes.

strác, *n. m.* 1., a swath (of grass left by the mower); also stráic and sraṫ.

stuaic, *n. f.* 2., *gen.*, stuaice, *pl.*, stuaiceanna, a stook (of corn)—*i.e.*, 10 (sometimes 12) sheaves put standing upright to dry.

Taitneaṁ, *v. n. m.* 1., act of shining; (le), pleasing to, giving satisfaction to; also taiṫneaṁ and taiṫneaċ-táil.

taoibín, *n. m.* 4., a little patch (on a shoe, tube of bicycle tyre, &c.).

tarra = tar, *v. intr. irreg.*, come; tarra uait, come along.

táṫar, *v. indef. pres. tense*, people are, one is, they are

teanam, *v. defective*, come; teanam ort, come along; also téanam (M.).

teann, *adj.*, tight, firm, stiff, stout, bold; well-inflated (of bicycle tyre).

ꞇeann, *v. tr.* 1., tighten, squeeze, press; inflate (of bicycle tyre); (le), approach to; *v. n.*, ꞇeannaḋ; *v. adj.*, ꞇeannꞇa.

ꞇeannaiꞃe, *n. m.* 4., a tightener, a press; an inflator (for bicycle tyre).

ꞇeannꞇán, *n. m.* 1., a belly-band; a press, a squeezer.

ꞇiaꞃaċ. *n. f.* 2., *gen.*, ꞇiaꞃaiġe, a tail-band, crupper; also ꞅiaꞃaċ.

ꞇicéiꝺ, *n. f.* 2., a ticket; also ꞇicéaꝺ, *n. m.* 1.

ꞇiomáin, *v. tr.* 1., drive; *v. n.*, ꞇiomáinꞇ.

ꞇóineóġ, *n. f.* 2., the loose bottom of a páꞃꝺóġ.

ꞇoiꞃċim, *n. f.* 2., stupor, drowsiness; ꞇoiꞃċim ꞅuain, a very sound sleep.

ꞇoll, *n. m.* 1., a hollow cavity, a head; bocáiꞅꞇe (&c.) a ċuꞃ i ꝺꞇoll a ċéile, to put baggage (&c.) together.

ꞇꞃeaḃ, *v. tr.* 1., plough; *v. n.*, ꞇꞃeaḃaḋ; *v. adj.*, ꞇꞃeaḃꞇa.

ꞇꞃiomuiġ, *v. tr.* 2., dry; *v. n.*, ꞇꞃiomuġaḋ; *v. adj.*, ꞇꞃiomuiġꞇe; also ꞇioꞃmuiġ.

ꞇꞃoiġꞇeán, *n. m.* 1., a pedal (of bicycle).

ꞇꞃomán, *n. m.* 1., the part of the spindle of a spinning-wheel in which the wheel-cord works; the chain-wheel of a bicycle.

ꞇuiġe, *n. f.* 4., straw, thatch; prond. ꞇuiḃe in N. C.

uaiꞇne, *adj.*, green.

M. H. Gill & Son, Ltd., Dublin.

158985
BOSTON COLLEGE
3 9031 01161731 3